**RABHADH**

Caithfidh an bhileog seo a thabhairt suas le do fhreagarleabhar – sin nó caillfear marcanna.

**M. 42T**

**Cuir do Scrúduimhir anseo** ☞

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

**EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL**
**(320 marc)**

**DÉ CÉADAOIN 20 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

**Freagair cúig cheist déag as Cuid I agus ceithre cheist as Cuid II. Ní cóir dhuit níos mó ná uair a chloig a chaitheamh le Cuid I.**

**THALL→**

## Cuid I (120 marc)

**Freagair cúig cheist déag.**
**Scríobh na freagraí ins na spásanna cuí.**
**Tá an líon céanna marcanna acu uilig.**

**1.** Cén nasc atá idir claontaí fadtréimhseacha san éileamh ar thráchtearraí talmhaíochta agus an talmhaíocht mar chéatadán don Olltáirgeadh Náisiúnta?

______________________________________________

______________________________________________

**2.** Breaclínigh na príomhchlaontaí sa tréad bó in Éirinn le deich mbliana anuas.

______________________________________________

______________________________________________

**3.** Ainmnigh **DHÁ** dhifríocht mhóra idir an toisc Bainistíochta sa Talmhaíocht agus sa Tionsclaíocht.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**4.** Conas a chuir an Comhbheartas Talmhaíochta srian leis an dul chun cinn sa margaíocht.

______________________________________________

______________________________________________

**5.** Luaigh **DHÁ** chúis go bhfuil praghas mairteola ó Éirinn sa Fhrainc i bhfad níos ísle de ghnáth ná praghas mairteola ón bhFrainc.

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**6.** San eacnamaíocht táirgíochta conas a ríomhtar táirge teorannach ioncaim (MRP)?

______________________________________________

______________________________________________

**7.** "Tá an leaisteachas trasphraghas soláthair do tháirgí iomaíocha diúltach". Mínigh an ráiteas seo.

______________________________________________

______________________________________________

**8.** Conas a fheidhmíonn ioncam iomlán i margadh leaisteach praghsanna aondacha de réir mar a thagann athrú ar an gcainníocht a chuirtear ar an margadh? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

**9.** Tarlaíonn **TÁIRGÍOCHT** agus **TIMTHRIALL PRAGHSANNA** ar mhargaí talmhaíochta áirithe. Mínigh cén fáth go dtarlaíonn sé seo, agus tú ag tagairt do phrátaí go háirithe.

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Cad é **Luach Caipitlithe** thoisc táirgíochta?

______________________________________________

______________________________________________

**11.** Cad is **Innéacs Praghsanna Laspeyres ann?**

___

___

**12.** Mínigh cad is **Achar Coigeartaithe** feirme ann.

___

___

**13.** Mínigh na húsáidí éagsúla sa talmhaíocht don dá shaghas Buiséad Caipitil.

___

___

___

**14.** Conas a ríomhtar **TÉARMAÍ TRÁDÁLA** ag feirmeoirí?

___

___

**15.** Cad is cúis leis an **Lacáiste Cháin Bhreisluacha** a íoctar le feirmeoirí Éireannacha ar a gcuid díolachán?

___

___

**16.** Is é an méadú bliantúil ar an ráta éilimh ar bhia san Aontas Eorpach ná timpeall is ________________ %.

**17.** Cén tionchar ar mhargaí domhanda ata ag polasaí praghsanna arda faoin gComhbheartas Talmhaíochta?

___

___

**18.** Cad is **Íocaíochtaí i leith Easnaimh ann?**

___

___

**19.** Luaigh **DHÁ** chúis go bhfuil laghdú ag teacht le himeacht aimsire ar an ioncam ó thobhaigh allmhairíochta a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta.

(i) ___

(ii) ___

**20.** Cén t-idirdhealú atá idir **RIALACHÁN** agus **TREOIR** de chuid an Aontais Eorpaigh mar ionstraimí reachtacha.

___

___

___

M.42(A)T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL

**DÉ CÉADAOIN 20 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00**


**Tá Cuid a hAon ar bhileog ar leith agus spásanna uirthi do na freagraí. Cuir an bhileog iomlán isteach i do fhreagarleabhar.**

THALL→

CUID II (200 marc)

**Freagair CEITHRE cheist.**
**Scríobh na freagraí don chuid seo i do fhreagarleabhar.**
**Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Tugann an léaráid thíos fráma a léiríonn an gaol idir **Margaí Táirgí** agus **Margaí Tosca.**




**(i)** Mínigh gach mír agus an gaol atá eatarthu.

**(ii)** Tugann an fráma léiriú an-simplithe ar an ngeilleagar. Tabhair míniú air seo.

**(iii)** Cuireann feirmeoirí spéis ar dhá bhealach éagsúla i bpraghsanna tosca. Tabhair míniú air seo.

**2.**

| Ionchur leasachán 200kg/Hectéar | Barr Eorna Tonna/Heicteár | Táirgeacht Mheánach | Táirgíocht Imeallach | Táirgeacht Theorannach Ioncaim |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 9.0 | | | |
| 2 | 10.0 | | | |
| 3 | 10.8 | | | |
| 4 | 11.2 | | | |
| 5 | 10.5 | | | |

**(i)** Agus úsáid á baint agat as an tábla thuas, tóg Cuar Iomlán Táirgí a léireoidh an gaol idir rátaí leasachán agus barra eorna.

**(ii)** Bain úsáid as an tábla agus déan an Táirgeacht Mheánach agus an Táirgeacht Imeallach a ríomh.

**(iii)** Más é £140 an tonna praghas an leasacháin, agus má tá £70 ar thonna eorna, ríomh an Táirgeacht Theorannach Ioncaim (MRP) ag gach céim den táirgeacht agus roghnaigh an leibhéal oibríochta is brabúsaí. Mínigh do fhreagra.


**3.** Taispeántar an t-éileamh agus an soláthar ar thalamh sa léaráid thíos.

**(i)** Cuir lipéid ar na haiseanna agus ar na cuair éilimh agus soláthair agus léirigh an praghas cothromaíochta ar thalamh;

**(ii)** Mínigh an bonn éilimh maidir le toisc táirgeachta ar nós talún;

**(iii)** Taispeáin ar an léaráid cad a thiteann amach má ardaíonn praghas aschur talmhaíochta. Mínigh do fhreagra.

**(iv)** Tá praghsanna talún ag méadú an-tapa le blianta beaga anuas. Rianaigh na cúiseanna atá leis seo.



**4.** Déan idirdhealú idir **gach** péire **faoi leith** díobh seo a leanas:

**(i)** Ioncaim Feirme Teaghlaigh agus Ioncam Airgid Feirme.

**(ii)** Ioncaim Bainistíochta agus Infheistíochta agus Ioncam Bainistíochta agus Saothair de réir mar a úsáidtear iad i gcuntais feirme.

**(iii)** Rátaí Úis Fírinneacha Dearfacha agus Rátaí Úis Fírinneacha Diúltacha.

**(iv)** Indéantacht agus Brabúsacht.

**5.** **(i)** Maidir le **hÍocaíochtaí Díreacha** a dhéantar le feirmeoirí, luaigh **TRÍ** íocaíocht den chineál sin.

**(ii)** Scríobh cuntas ar gach ceann faoi leith díobh, agus mínigh cén fheidhm atá ag gach ceann de na hÍocaíochtaí Díreacha atá luaite agat.

**(iii)** Cén fáth go bhféadfadh méadú teacht ar na híocaíochtaí seo sna blianta romhainn amach?

**6.** **(i)** Mínigh cén chaoi a n-oibríonn Córas Tacaíochta Praghsanna an Chomhbheartais Talmhaíochta (CAP).

**(ii)** Cad iad na praghsanna Aontais Eorpaigh is féidir a bheith ann faoin gcóras seo?

**(iii)** Cén t-athrú mór atá déanta ar an gCóras Tacaíochta Praghsanna le blianta beaga anuas?